

Slán le Seán Óg

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dheireadh ré Sheáin Óig le Contae Chorcaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoi Sheán Óg Ó hAilpín?
Cad í do thuairim faoin iománaíocht?
An leanann tú cluichí Chumann Lúthchleas Gael?
Cén tábhacht a bhaineann leis an Chumann Lúthchleas Gael, dar leat?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc uair amháin agus breac síos cúpla líne faoin mhéid a bhí le rá ag:

1. Maolra Mac Donnchadha
2. Mac Dara Mac Donncha

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na focail a bhfuil an chiall chéanna acu leis na focail thíos a aimsiú inti. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

imní: _____
sa deisceart: _____
dada: _____
den scoth: _____
mórghníomh: _____

Ceist 4 'Bainisteoir *an chontae*.'
'cinneadh *an bhainisteora*.'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i *gcló iodálach* thuas?
Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois, cuirigí an fhoirm cheart den ainmfhocail atá idir lúibíní sna bearnaí.

1. Hata (an feirmeoir): _____
2. Leabhar (an cailín): _____
3. Gúna (an bhean): _____
4. Geansaí (an fear): _____
5. Ag dáileadh (an bhileog): _____
6. Dath (an gúna): _____
7. Cosa (an bord): _____
8. Praghas (an chathaoir): _____
9. Obair (an múinteoir): _____
10. Rothaí (an gluaisteán): _____
11. Cáil (an scoil): _____
12. Olcas (an aimsir): _____
13. Costas (an ríomhaire): _____
14. Caint (an duine): _____
15. Glór (an déagóir): _____

Ceist 5 'fógartha'

Cén chuid den bhriathar é an sampla thuas?

Aimsigh an fhoirm chéanna de na briathra seo thíos a bhí sa mhír.

caith, lean, buaigh, tuig, cuir, gortaigh, imir, roghnaigh

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé acu cainteoir a bhí níos deacra a thuiscint, dar leat?
Cén fáth a bhfuil sé seo amhlaidh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Cuir an mhír ar siúl uair amháin agus cuir stop leis i ndiaidh na gcainteoirí le deis a thabhairt do na daltaí an méid a chuala siad a scríobh síos. Cuir ar siúl an mhír faoi dhó más gá.

Ceist 3

imní:	<i>buairt</i>
sa deisceart:	<i>ó dheas</i>
dada:	<i>tada</i>
den scoth:	<i>thar barr</i>
mórghníomh:	<i>éacht</i>

Ceist 4

An tuiseal ginideach, uimhir uatha atá i gceist.

Hata (an feirmeoir):	<i>hata an fheirmeora</i>
Leabhar (an cailín):	<i>leabhar an chailín</i>
Gúna (an bhean):	<i>gúna na mná</i>
Geansaí (an fear):	<i>geansaí an fhir</i>
Ag dáileadh (an bhileog):	<i>ag dáileadh na bileoige</i>
Dath (an gúna):	<i>dath an ghúna</i>
Cosa (an bord):	<i>cosa an bhoird</i>
Praghas (an chathaoir):	<i>praghas na cathaoireach</i>
Obair (an múinteoir):	<i>obair an mhúinteora</i>
Rothaí (an gluaisteán):	<i>rothaí an ghluaisteáin</i>
Cáil (an scoil):	<i>cáil na scoile</i>
Olcas (an aimsir):	<i>olcas na haimsire</i>
Costas (an ríomhaire):	<i>costas an ríomhaire</i>
Caint (an duine):	<i>caint an duine</i>
Glór (an déagóir):	<i>glór an déagóra</i>

Ceist 5

Is í an aidiacht bhriathartha atá i gceist.

Caith – caite

Lean – leanta

Buaigh – buaite

Tuig – tuigthe

Cuir – curtha

Gortaigh – gortaithe

Imir – imeartha

Roghnaigh – roghnaithe

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Maolra Mac Donnchadha

Is ea, a Éimear. Tá buairt ar lucht leanúnaⁱ iománaíochta ó dheas tráthnóna agus é fógartha inniu ag Seán Óg gur dhúirt bainisteoir an chontae, Denis Walsh arú inné leis nach mbeidh sé uaidh ar phainéal imreoirí na bliana seo chugainn. Goilleann an cinneadh ar Sheán Óg, a deir sé. Ba bhreá leis, a deir sé, bliain eile, an cúigiú bliain déag as a chéile a chaitheamh le foireann an chontae ach tá air géilleadh, a deir sé, do chinneadh an bhainisteora. Leanfaidh sé ag imirt lena chlub cois Laoi – Na Píarsaigh. Tríocha a trí anois atá Mac Uí hAilpín. Is é a bhí ina chaptaen ar Chorcaigh nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann sa mbliain dhá mhíle is a cúig. Bhuel, níl Seán Óg ag rá tada eile, seachas an preasráiteas sin a d'fhoilsigh sé ag am lóin. Labhair mise ar ball beag le Mac Dara Mac Donncha.

Mac Dara Mac Donncha

Ar bhealach thuigfeá é, mar tá Seán Óg ag an bpointe seo, tá sé tríocha trí bliana d'aois. Bhí sé gortaithe go minic i mbliana agus déarfainn nuair a théann tú amach in aois, cuireann gortuithe isteach ort. Agus, chomh maith leis sin, tá sé ag imirt le, (ó mhíle) naoi gcéad nócha seacht. Ní raibh sé chomh héifeachtach i mbliana is a bhí sé blianta eile. Agus, rinne (ní fios cad atá á rá) go raibh damáiste air i gcluichí ceannais na sraithe, an gcuimhin leat? Agus, bhí sé á fháil níos deacra. Ba lúthchleasaí iontach é a bhí go maith ag an iomáint. Ní dhéarfainn gur iománaí iontach nádúrtha ba ea é, ach bhí sé thar a bheith, thar a bheith éifeachtach. Agus, *just* an bhliain dhá mhíle is a ceathair, dhá mhíle is a cúig, bhí sé ag imirt thar barr. An gcuimhin leat go raibh timpiste bhóthairⁱⁱ aige sin agus rinne sé éacht teacht ar ais uaidh sin mar go leor daoine eile ní bheadh siad in ann siúl ina dhiaidh, gan trácht ar teacht ar ais. Agus roghnaíodh é mar iománaí na bliana i 2005 agus sílim go raibh sé sin, go raibh an gradam sin tuillte go maith aige.

ⁱ *leanta* a deirtear

ⁱⁱ *timpiste bóthair* a deirtear